


# GCSE



## Sonraíocht GCSE CCEA

# Sláinte agus Cúram Sóisialta

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2017  
Le measúnú den chéad uair Samhradh 2018  
Le bronnadh den chéad uair Samhradh 2019  
Cód Ábhair: 0003



Is é atá sa doiciméad seo, aistriúchán ar Chaibidil 3, Inneachar Ábhair, den tSonraíocht.



## 3 Inneachar Ábhair

Tá an cúrsa seo roinnte againn ina dhá aonad. Tugtar anseo thíos an t-inneachar atá i ngach aonad agus na torthaí foghlama a bhaineann leo.

### 3.1 Aonad 1: Forbairt Phearsanta, Sláinte agus Folláine

San aonad seo, fiosraíonn daltaí forbairt dhaonna ar fud chéimeanna na beatha. Fiosraíonn siad fosta tosca a théann i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine, agus caidrimh agus tionchar mórathruithe saoil san áireamh.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p><b>Forbairt dhaonna</b></p> <p><b>Tosca a théann i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine</b></p>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• príomhchéimeanna na beatha agus aoisraon gach céime a shainaithint: <ul style="list-style-type: none"> <li>– naíonacht (0–3 bliana);</li> <li>– aois an pháiste (4–10 mbliana);</li> <li>– ógántacht (11–18 mbliana);</li> <li>– luath-aosacht (19–39 bliain);</li> <li>– meánaosacht (40–64 bliain); agus</li> <li>– seanaosacht (65+ bliain);</li> </ul> </li> <li>• anailís a dhéanamh ar phatrúin ionchais na forbartha fisicí, intleachtúla, mothúchánaí agus sóisialta i ngach céim den bheatha;</li> <li>• an téarma sláinte agus folláine a shainmhíniú;</li> <li>• anailís a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh na tosca iompraíochta seo a leanas dul i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, mhothúchánach agus shóisialta: <ul style="list-style-type: none"> <li>– mí-úsáid alcóil;</li> <li>– aiste shláintiúil bia agus aiste mhíshláintiúil bia;</li> <li>– úsáid drugaí neamhdhleathacha;</li> <li>– gníomhaíocht agus neamhghníomhaíocht fhisiceach; agus</li> <li>– caitheamh tobac; agus</li> </ul> </li> <li>• anailís a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh na tosca iompraíochta seo a leanas dul i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, mhothúchánach agus shóisialta: <ul style="list-style-type: none"> <li>– truailliú;</li> <li>– guaiseacha ceirde; agus</li> <li>– suíomh geografach.</li> </ul> </li> </ul>

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p><b>Tosca a théann i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine (ar lean.)</b></p> <p><b>Caidrimh</b></p>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• anailís a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh na tosca fisiceacha seo a leanas dul i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, mhothúchánach agus shóisialta:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– tinneas nó galar ainsealach (agus diaibéiteas chineál II, oistéapórosis, galar corónach croí, néaltrú agus asma san áireamh); agus</li> <li>– riochtaí faighte le hoidhreacht go géiniteach (agus diostróife mhatánach Duchenne agus fiobróis chisteach san áireamh);</li> </ul> </li> <li>• anailís a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh na tosca socheacnamaíocha seo a leanas dul i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, mhothúchánach agus shóisialta:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– cultúr agus eitneacht;</li> <li>– fostaíocht agus dífhostaíocht;</li> <li>– ioncam; agus</li> <li>– dálaí tithíochta;</li> </ul> </li> <li>• na cineálacha caidrimh seo a leanas a d'fhéadfadh a bheith ag duine a shainnithint agus cur síos a dhéanamh orthu, agus caidrimh i gcomhthéacsanna cultúrtha san áireamh:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– teaghlach;</li> <li>– cairdeas;</li> <li>– dlúth-chaidreamh nó caidreamh collaí; agus</li> <li>– caidreamh oibre;</li> </ul> </li> <li>• luacháil a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh tionchar dearfach a bheith ag caidrimh ar fhorbairt shóisialta agus mhothúchánach duine; agus</li> <li>• luacháil a dhéanamh ar éifeachtaí caidreamh mífholláin nó mí-úsáide ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, intleachtúil, mhothúchánach agus shóisialta duine, lena n-áirítear:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– mí-úsáid páistí (fisiceach, mothúchánach, collaí agus faillí);</li> <li>– foréigean baile; agus</li> <li>– bulaíocht ar scoil nó san áit oibre.</li> </ul> </li> </ul>



Inneachar	Torthaí Foghlama
<p><b>Mórathruithe saoil agus foinsí tacaíochta (ar lean.)</b></p>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar an tacaíocht is féidir le daoine atá ag déileáil le hathruithe saoil a bheith ag súil léi ó na hearnálacha seo:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– reachtúil;</li> <li>– príobháideach;</li> <li>– deonach;</li> <li>– neamhfhoirmiúil; agus</li> <li>– grúpaí féinchabhracha;</li> </ul> </li> <li>• an t-eolas agus an tuiscint atá acu ar an tacaíocht a chuireann na hearnálacha seo ar fáil do dhaoine atá ag déileáil le hathruithe saoil a chur i bhfeidhm;</li> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar na cineálacha tacaíochta seo a leanas a thairgeann na hearnálacha seo:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– tacaíocht mhothúchánach;</li> <li>– comhairle agus faisnéis;</li> <li>– cuidiú praiticiúil;</li> <li>– cúram leighis; agus</li> <li>– cúram sóisialta; agus</li> </ul> </li> <li>• an t-eolas agus an tuiscint atá acu ar na cineálacha tacaíochta, a bhfuil liosta díobh thuas, a chur i bhfeidhm ar dhaoine atá ag déileáil le hathruithe saoil.</li> </ul>



### 3.2 Aonad 2: Ag Obair sna hEarnálacha Sláinte, Cúram Sóisialta agus Luathbhlianta

San aonad seo, forbraíonn na daltaí a dtuiscint ar shaol na hoibre in earnáil na sláinte, earnáil an chúraim shóisialta agus earnáil na luathbhlianta agus ar an dóigh a riartar ar na riachtanais atá ag grúpaí éagsúla úsáideoirí seirbhísí. Foghlaimíonn daltaí faoi réimse ról phoist sna seirbhísí sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta agus faoin dóigh a gcuireann cleachtóirí luachanna an chúraim i bhfeidhm.

Déantar an t-aonad seo a mheasúnú go himmheánach trí mheasúnú rialaithe.

Cuireann muid amach teideal an tasc measúnú rialaithe ar an 1 Nollaig. Cuireann muid tasc agus treoir ar mheasúnú nua amach gach bliain.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p><b>Riachtanais na n-úsáideoirí seirbhísí a shainaithint agus riar a dhéanamh orthu</b></p>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• na príomhghrúpaí úsáideoirí seirbhísí sna hearnálacha sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta a shainaithint, lena n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> <li>– páistí agus teaghlaigh;</li> <li>– daoine aosta;</li> <li>– daoine a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu;</li> <li>– daoine atá faoi mhíchumas foghlama;</li> <li>– daoine atá faoi mhíchumas fisiceach;</li> <li>– daoine a bhfuil tinnis ainsealacha orthu; agus</li> <li>– daoine a bhfuil néaltrú orthu; agus</li> </ul> </li> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar na riachtanais seo a leanas atá ag gach grúpa úsáideoirí seirbhísí: <ul style="list-style-type: none"> <li>– fisiceach;</li> <li>– intleachtúil;</li> <li>– mothúchánach; agus</li> <li>– sóisialta.</li> </ul> </li> </ul>

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p><b>Soláthar seirbhísí comhtháite sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta</b></p>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• anailís a dhéanamh ar an dóigh a riarann seirbhísí comhtháite sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta ar riachtanais grúpaí úsáideoirí seirbhísí: <ul style="list-style-type: none"> <li>– an earnáil reachtúil seirbhísí DG; otharlanna; seirbhísí sóisialta; ionaid chúram lae; agus naíscóileanna;</li> <li>– an earnáil neamhspleách tithe cúraim; ionaid phríobháideacha chúram lae; cleachtóirí príobháideacha; naíolanna; agus eagraíochtaí deonacha, mar shampla Action on Hearing Loss, Age NI, Marie Curie, Barnardo's, Mencap, Praxis Care nó RNIB; agus</li> <li>– an earnáil neamhfhoirmiúil páirtí; teaghlach; cairde; agus comharsana; agus</li> </ul> </li> <li>• luacháil a dhéanamh ar éifeachtacht na seirbhísí le riar ar riachtanais úsáideoirí seirbhísí.</li> </ul>

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p><b>Rochtain ar sheirbhísí sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta agus bacainní ar rochtain</b></p>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• na dóigheanna seo a leanas ina mbíonn rochtain ag úsáideoirí seirbhísí ar sheirbhísí sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta a mhíniú:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– féin-atreorú;</li> <li>– atreorú gairmiúil;</li> <li>– atreorú tríú páirtí; agus</li> <li>– athghairm;</li> </ul> </li> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar na bacainní seo a leanas ar rochtain ar sheirbhísí agus iad seo a chur i bhfeidhm ar na grúpaí úsáideoirí seirbhísí:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– suíomh geografach;</li> <li>– easpa eolais;</li> <li>– easpa iompair;</li> <li>– costas ar úsáideoirí seirbhísí;</li> <li>– deacrachtaí cumarsáide;</li> <li>– deacrachtaí síceolaíochta; agus</li> <li>– easpa acmhainní sa tseirbhís; agus</li> </ul> </li> <li>• anailís a dhéanamh ar dhóigheanna ar féidir le seirbhísí cuidiú le húsáideoirí bacainní ar rochtain a shárú trí:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– rochtain idirlín, rochtain teileafóin 24 uair an chloig nó iompar chuig seirbhísí a chur ar fáil;</li> <li>– fógraíocht a dhéanamh faoi sheirbhísí;</li> <li>– litríocht a chur ar fáil;</li> <li>– iompar, tiománaithe deonacha agus seirbhísí for-rochtana a chur ar fáil;</li> <li>– maoiniú a mhéadú;</li> <li>– faisnéis a chur ar fáil i dteangacha éagsúla agus i bhformáidí éagsúla nó aistritheoir nó ateangaire a chur ar fáil; agus</li> <li>– foireann a oiliúint agus pléadálaithe a úsáid, ar a n-áirítear baill teaghlaigh agus cúramóirí.</li> </ul> </li> </ul>

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p><b>Róil phoist chleachtóirí</b></p>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar na róil atá ag réimse cleachtóirí sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta, i dtaca leis na grúpaí úsáideoirí seirbhísí, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> <li>– oibrithe cúraim baile;</li> <li>– cúntóirí cúraim</li> <li>– oibrithe tacaíochta;</li> <li>– altraí <ul style="list-style-type: none"> <li>altraí páistí;</li> <li>altraí aosach;</li> <li>altraí do dhaoine faoi mhíchumas foghlama;</li> <li>altraí meabhairshláinte;</li> <li>cnáimhsigh;</li> <li>altraí scoile; agus</li> <li>altraí ceantair;</li> </ul> </li> <li>– oibrithe sóisialta;</li> <li>– dochtúirí <ul style="list-style-type: none"> <li>DGanna nó dochtúirí otharlainne;</li> </ul> </li> <li>– cleachtóirí luathbhlianta <ul style="list-style-type: none"> <li>oibrithe súgartha;</li> <li>cúntóirí náiolainne; agus</li> <li>ceannairí grúpa súgartha;</li> </ul> </li> <li>– cleachtóirí comhghaolmhara sláinte <ul style="list-style-type: none"> <li>fiaclóirí;</li> <li>teiripeoirí saothair;</li> <li>radagrafaihte;</li> <li>teiripeoirí urlabhra agus teanga;</li> <li>diaitéitigh;</li> <li>coslianna;</li> <li>cógaiseoirí; agus</li> <li>fisiteiripeoirí; agus</li> </ul> </li> </ul> </li> </ul>
<p><b>Luachanna cúraim</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar na luachanna cúraim atá mar bhonn agus taca ag gach cleachtas sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta, lena n-áirítear cur chun cinn: <ul style="list-style-type: none"> <li>– cearta an duine aonair;</li> <li>– cleachtas in aghaidh leithcheala a bhaineann le cine, creidiúintí, inscne, míchumas, cumas cogaíoch, meabhairshláinte agus gnéasacht;</li> <li>– meas agus dínit; agus</li> <li>– cumarsáid éifeachtach.</li> </ul> </li> </ul>

Inneachar	Torthaí Foghlama
<b>Luachanna cúraim (ar lean.)</b>	Ba chóir go mbeadh daltaí in ann: <ul style="list-style-type: none"><li>• anailís a dhéanamh ar an dóigh ar féidir le baill foirne na luachanna cúraim a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre laethúla le húsáideoirí seirbhísí; agus</li></ul>
<b>Cumhdach</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar fhreagrachtaí cumhdaigh foirne i suíomhanna sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta.</li></ul>

